



RIALACHÁN CUR CHUN FEIDHME (AE) 2026/85 ÓN gCOIMISIÚN

an 14 Eanáir 2026

maidir le tartraisín a údarú mar bhreiseán beathaithe lena úsáid i mbaoite le haghaidh bia-éisc eite fionnuisce

(Téacs atá ábhartha maidir le LEE)

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 22 Meán Fómhair 2003 maidir le breiseáin a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe ⁽¹⁾, agus go háirithe Airteagal 9(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

- (1) Le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 foráiltear maidir le húdarú breiseán a bhfuiltear lena n-úsáid i gcothú ainmhithe agus maidir leis na forais agus na nósanna imeachta chun údarú den sórt sin a dheonú.
- (2) I gcomhréir le hAirteagal 7 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003, cuireadh isteach iarratas ar údarú tartraisín mar bhreiseán beathaithe lena úsáid i mbaoite le haghaidh éisc fionnuisce. Bhí na sonraí agus na doiciméid a cheanglaítear faoi Airteagal 7(3) de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ag gabháil leis an iarratas sin.
- (3) Baineann an t-iarratas le húdarú tartraisín mar bhreiseán beathaithe lena úsáid i mbaoití le haghaidh éisc fionnuisce, agus iarrtar ann go n-aicmeofaí an breiseán sin sa chatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus san fheidhmghrúpa 'datháin, (i) substaintí a chuireann dath ar ábhair bheatha nó a chuireann dath ar ábhair bheatha an athuair'. Tá sé beartaithe an breiseán a ionchorprú i mbaoití iascaireachta chun iad a dhathú agus chun éisc a mhealladh i bhfionnuisce agus níl sé beartaithe é a úsáid sa dobharshaothrú.
- (4) Tháinig an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia ('an tÚdarás') ar an gconclúid sa tuairim uaidh an 17 Meán Fómhair 2024 ⁽²⁾ nach bhfuil ábhar imní ag baint le húsáid tartraisín in ullmhú baoití le haghaidh éisc fionnuisce faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe maidir leis na sprioc-ainmhithe, agus go bhfuil sé sábháilte don tomhaltóir agus don chomhshaol. Tháinig sé ar an gconclúid freisin gur cheart a mheas go bhfuil an breiseán ina íogróir deirmeach agus riospráide. Meastar gur riosca iad ionanálú na hullmhóide agus a nochtadh deirmeach. Ní raibh sé in ann teacht ar chonclúid maidir leis an ngreannú a d'fhéadfadh an ullmhóid a dhéanamh. Sa tuairim uaidh an 6 Bealtaine 2025 ⁽³⁾, tháinig an tÚdarás ar an gconclúid go bhféadfadh tartraisín a bheith éifeachtúil maidir le baoití iascaireachta a dhathú faoi na coinníollacha úsáide atá beartaithe.
- (5) Mheas an tSaotharlann Tagartha a bunaíodh le Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 go bhfuil na conclúidí agus na moltaí ar ar thángthas sa mheasúnú roimhe seo maidir leis na modhanna a úsáidtear chun an tartraisín i mbeatha ainmhithe a rialú bailí agus infheidhme maidir leis an iarratas atá ann faoi láthair. I gcomhréir le hAirteagal 5(4), pointe (a), de Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún ⁽⁴⁾, níl gá le tuarascáil mheastóireachta ón tSaotharlann Tagartha.
- (6) I bhfianaise an mhéid thuas, measann an Coimisiún go gcomhlíonann tartraisín na coinníollacha dá bhforáiltear in Airteagal 5 de Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003. Dá réir sin, ba cheart an tsubstaint sin a údarú agus aird ar leith á tabhairt ar a húsáid i mbaoití iascaireachta a thagann faoin sainmhíniú ar bheatha a leagtar síos in Airteagal 3(4) de Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle ⁽⁵⁾, i gcás ina gceaptar iad le bheith scaipthe chun éisc a mhealladh chuig limistéar. Ina theannta sin, measann an Coimisiún gur cheart bearta cosanta iomchuí a dhéanamh chun éifeachtaí díobhálacha ar shláinte úsáideoirí an bhreiseáin a chosc.

⁽¹⁾ IO L 268, 18.10.2003, lch. 29, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2003/1831/oj>.

⁽²⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 22(10), e9021. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2024.9021>.

⁽³⁾ EFSA Journal [Iris EFSA], 23(6), e9461. <https://doi.org/10.2903/j.efsa.2025.9461>.

⁽⁴⁾ Rialachán (CE) Uimh. 378/2005 ón gCoimisiún an 4 Márta 2005 maidir le rialacha mionsonraithe chun Rialachán (CE) Uimh. 1831/2003 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle a chur chun feidhme a mhéid a bhaineann le dualgaí agus cúraimí Shaotharlann Tagartha an Chomhphobail maidir le hiarratais ar údaruithe breiseán beathaithe. (IO L 59, 5.3.2005, lch. 8, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2005/378/oj>).

⁽⁵⁾ Rialachán (CE) Uimh. 178/2002 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 28 Eanáir 2002 lena leagtar síos prionsabail ghinearálta agus ceanglais ghinearálta dhlí an bhia, lena mbunaítear an tÚdarás Eorpach um Shábháilteacht Bia agus lena leagtar síos nósanna imeachta i gcúrsaí sábháilteachta bia. (IO L 31, 1.2.2002, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2002/178/oj>).

- (7) Tá na bearta dá bhforáiltear sa Rialachán seo i gcomhréir leis an tuairim ón mBuainchoiste um Plandaí, Ainmhithe, Bia agus Beatha,

TAR ÉIS AN RIALACHÁN SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Údarú

An tsubstaint a shonraítear san Iarscríbhinn, ar substaint í a bhaineann leis an gcatagóir breiseán 'breiseáin chéadfacha' agus leis an bhfeidhmghrúpa 'datháin, (i) substaintí a chuireann dath ar ábhair bheatha nó a chuireann dath ar ábhair bheatha an athuair', údaraítear í mar bhreiseán i gcothú ainmhithe faoi réir na gcoinníollacha a leagtar síos san Iarscríbhinn sin.

Airteagal 2

Teacht i bhfeidhm

Tiocfaidh an Rialachán seo i bhfeidhm an fichiú lá tar éis lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Beidh an Rialachán seo ina cheangal go huile agus go hiomlán agus beidh sé infheidhme go díreach i ngach Ballstát.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 14 Eanáir 2026.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

IARSCRÍBHINN

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha forlíontach ina bhfuil cion taise 12 %			
Catagóir: Breiseáin chéadfacha. Feidhmghrúpa: Datháin: (i) substaintí a chuireann dath ar ábhair bheatha nó a chuireann dath ar ábhair bheatha an athuair								
2a102	Tartraisín	<i>Comhdhéanamh an bhreiseáin:</i> Tartraisín Foirm sholadach ----- <i>Saintréithriú na substainte gníomhaí mar an salann sóidiam:</i> Tartraisín, a dtugtar tuairisc air mar an salann sóidiam, is é atá ann den chuid is mó 5-hiodrocsa-1-(4-sulfónáitifeinil)- 4-(4-sulfónáitifeiniolasó)-H-piorasól- 3-carbocsaláit trishóidiam agus fodhatháin mar aon le clóiríd sóidiam agus/nó sulfáit sóidiam mar na príomh- chomhpháirteanna neamhdhaite. Ceadaítear salainn chailciam agus photaisiam ag a bhfuil an saintréithriú céanna le salann sóidiam. Foirmle cheimiceach: C ₁₆ H ₉ N ₄ Na ₃ O ₉ S ₂ Uimhir CAS 1934-21-0 Arna tháirgeadh trí shintéis cheimiceach	Bia-iasc eite fionnuisce	-	-	30	1. Sna treoracha maidir le húsáid an bhreiseáin agus an réamh-mheascáin, déanfar na dálaí stórála agus an chobhsaíocht i leith cóireáil teasa a shonrú. 2. Is i mbaoití iascaireachta amháin a úsáidfear an breiseán. Ní úsáidfear an breiseán i mbeatha dhobharshaothraithe. 3. I gcás úsáideoirí an bhreiseáin agus na réamh-mheascán, bunóidh oibreoirí gnólachtaí beatha nósanna imeachta oibríochtúla agus bearta eagraíochtúla chun aghaidh a thabhairt ar rioscaí a d'fhéadfadh eascairt as a n-úsáid. I gcás nach féidir na rioscaí sin a dhíothú leis na nósanna imeachta agus na bearta sin, úsáidfear an breiseán agus na réamh-mheascáin le trealamh cosanta pearsanta don chraiceann, do na súile agus don análú.	4 Feabhra 2036

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha forlíontach ina bhfuil cion taise 12 %			
		Critéir íonachta: Datháin arna ríomh mar an salann sóidiam: ≥ 85 % (measúnacht) Fodhathán: ≤ 1 % Comhdhúile orgánacha seachas datháin ≤ 0.5 %: — Aigéad sulfónach 4-hiodraisínibeinséin; — Aigéad 4-aimínibeinséin-1-sulfónach; — Aigéad 5-ocsó-1-(4-sulfaifeinil)-2-piorasóilín-3-carbocsaileach; — 4,4 -diasó-aimínidhé(aigéad sulfónach beinséine) — Aigéad teitrihiodrocsasucsanach Príomhaimíní aramatacha gan sulfónáit: ≤ 0,01 % Ábhar is in-eastósctha le héitear ≤ 0,2 % faoi dhálaí neodrach ----- <i>Modh anailíse</i> ⁽¹⁾ Chun cion iomlán na ndathán i dtartraisín sa bhreiseán beathaithe a chainníochtú: — Speictreafótaiméadracht ag 426 nm (Monagraif FAO (Eagraíocht Bhia agus Talmhaíochta na Náisiún Aontaithe) JECFA (an Comhchoiste Saineolaithe maidir le Breiseáin Bhia) Uimh. 1, Imleabhar 4 agus Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ⁽²⁾ ón gCoimisiún).						

Uimhir aitheantais an bhreiseáin beathaithe	Ainm an bhreiseáin	Comhdhéanamh, foirmle cheimiceach, tuairisc, modh anailíse	Speiceas nó catagóir ainmhíoch	Uasteorainn aoise	Íoschion	Uaschion	Forálacha eile	Deireadh na tréimhse údarúcháin
					mg de shubstaint ghníomhach/kg d'ábhar beatha forlíontach ina bhfuil cion taise 12 %			
		Maidir le tartraisín sa beatha chumaisc a chainníochtú: — Crómatagrafaíocht leachta ardfheidhmíochta cúpláilte le mais-speictriméadracht sraithe (LC-MS/MS)						

- (¹) Tá sonraí faoi na modhanna anailíse le fáil ar shuíomh na Saotharlainne Tagartha ag an seoladh seo a leanas: https://joint-research-centre.ec.europa.eu/eurl-fa-eurl-feed-additives/eurl-fa-authorisation/eurl-fa-evaluation-reports_ga.
- (²) Rialachán (AE) Uimh. 231/2012 ón gCoimisiún an 9 Márta 2012 lena leagtar síos sonraíochtaí le haghaidh breiseáin bhia a liostaítear in Iarscríbhinní II agus III a ghabhann le Rialachán (CE) Uimh. 1333/2008 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle (IO L 83, 22.3.2012, lch. 1, ELI: <http://data.europa.eu/eli/reg/2012/231/oj>).